Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2026/1802

27.7.2026

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1802 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 24 Iúil 2026**

**lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1324 a mhéid a bhaineann le hainm shealbhóir an údaraithe maidir le hion-1,4-béite-xiolanáis arna táirgeadh ag *Bacillus subtilis* LMG S-27588 mar bhreiseán beathaithe**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ([1]), agus go háirithe Airteagal 13(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1324 ón gCoimisiún ([2]) údaraíodh ion-1,4-béite-xiolanáis arna táirgeadh ag *Bacillus subtilis* LMG S-27588 mar bhreiseán beathaithe (‘an breiseán beathaithe lena mbaineann’).

(2) Sealbhóir an údaraithe le haghaidh an bhreiseáin beathaithe lena mbaineann, Puratos, chuir sé iarratas isteach i gcomhréir le hAirteagal 13(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 lena moladh ainm shealbhóir an údaraithe le haghaidh an bhreiseáin beathaithe lena mbaineann a athrú go ‘EW Nutrition GmbH’.

(3) Is athrú de chineál riaracháin amháin é an t-athrú sin atá beartaithe i dtéarmaí na n-údaruithe agus ní dhéanfar measúnú nua ar an mbreiseán beathaithe lena mbaineann. Cuireadh an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ar an eolas faoin iarratas.

(4) Chun gur féidir le EW Nutrition GmbH a chearta margaíochta a shaothrú, is iomchuí téarmaí an údaraithe lena mbaineann a athrú dá bhrí sin.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1324 a leasú dá réir sin.

(6) Ós rud é nach bhfuil gá leis na leasuithe a dhéantar leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo a chur i bhfeidhm láithreach ar chúiseanna sábháilteachta, is iomchuí idirthréimhse a cheadú ina bhféadfar stoic den bhreiseán bheathaithe lena mbaineann atá ann cheana a ídiú.

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán Cur Chun Feidhme seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1324**

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1324 mar a leanas:

(1) sa teideal, cuirtear ‘EW Nutrition GmbH’ in ionad an ainm ‘Puratos’;

(2) sa dara colún den Iarscríbhinn, cuirtear ‘EW Nutrition GmbH’ in ionad an ainm ‘Puratos’.

([1]) IO L 268, 18.10.2003, lch. 29, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1831/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1324 ón gCoimisiún an 5 Lúnasa 2019 maidir le hullmhóid dion-1,4-béite-xiolanáis arna táirgeadh ag *Bacillus subtilis* LMG S-27588 a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh sicíní a bhfuiltear lena ramhrú lena dtógáil le bheith ina mbéaróga, turcaithe a bhfuiltear lena ramhrú nó lena dtógáil le haghaidh pórúcháin, mionspeicis éanlaithe clóis a bhfuiltear lena ramhrú nó lena dtógáil le bheith ina mbéaróga nó le haghaidh pórúcháin, bainbh scoite, muca a bhfuiltear lena ramhrú agus mionspeicis mhucúla (sealbhóir an údaraithe Puratos) (IO L 206, 6.8.2019, lch. 18, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/1324/oj).

*Airteagal 2*

**Beart idirthréimhseach**

An breiseán beathaithe lena mbaineann, a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an dáta sin, féadfar leanúint dá chur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic ídithe.

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Iúil 2026.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN